
# CIGIREACHT BUNSCOILE



An Chigireacht Oideachais is Oiliúna

# Gaelscoil Uí Dhochartaigh, Strabane

Deireadh Fómhair 2009


The Education and Training Inspectorate - Promoting Improvement

Providing Inspection Services for
Department of Education
Department for Employment and Learning
Department of Culture, Arts and Leisure

INVESTOR IN PEOPLE

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

## CLÁR ÁBHAIR


| Alt | | Leathanach |
|---|---|---|
| | EOLAS STAITISTIÚIL | |
| 1. | INTREOIR | 1 |
| 2. | GNÓTHACHTÁIL AGUS CAIGHDEÁIN | 2 |
| 3. | CAIGHDEÁN AN tSOLÁTHAIR I gCOMHAIR FOGHLAMA | 3 |
| 4. | CEANNASAÍOCHT AGUS BAINISTÍOCHT | 4 |
| 5. | CONCLÚID | 5 |
| | AGUISÍN | |

**BILEOG BHUNEOLAIS (BB) - BUNSCOILEANNA**

A. i. **Scoil: Gaelscoil Uí Dhochartaigh**

ii. **Uimhir Thagartha na Scoile: 204-6638**

iii. **Dáta na Cigireachta: 19/10/09 seachtain dar thús:**

iv. **Cineál Cigireachta: Cigireacht fhócasaithe**

B.

| **Scoilbhliain** | **2005/06** | **2006/07** | **2007/08** | **2008/09** | **2009/108** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iontrála Bhliain 1 | 20 | 14 | 27 | 21 | 12 |
| **Rollachán**<br>Bunscoil | 122 | 117 | 130 | 131 | 122 |
| Réamhrang | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Naíonra | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Speisialta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Gaelscolaíochta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Is é an líon ar lá fógartha na cigireachta an líon rollacháin don bhliain reatha.
Do na blianta roimhe sin, is é an líon atá sna tuairisceáin bhliantúla a chuirtear isteach chuig an Roinn Oideachais.
Is ar rollachán iomlán na bunscoile agus an réamhranga amháin ba chóir na háirimh ag C agus ag D a bhunú.

C. Meántinreamh don scoilbhliain roimhe seo (ina chéatadán): 95.6%

| | **Bunscoil & Réamhrang** | **Naíonra** | **Aonad Speisialta** | **Aonad Gaelscolaíochta** |
|---|---|---|---|---|
| D. i. Líon Múinteoirí (príomhoide & múinteoirí páirtaimseartha san áireamh): (coibhéis lánaimseartha = 25 uair teagaisc): | 7 | 0 | 0 | 0 |

ii. CDM (Cóimheas Daltaí le Múinteoir): 17.4 CDM TÉ: 20.0

iii. Meánmhéid Ranga: 17.43

iv. Méid Ranganna (Raon): ó 12 go dtí 21

v. Tacaíocht Chúntach (líon Uaireanta **sa tSeachtain**):
- i. Tacaíocht Chléireachais: 22.5
- ii. Tacaíocht ó chúntóirí ranga ag an bhonnchéim.: 35
- iii. Maoiniú ó 'Ag Déanamh Tús Maith' d'uaireanta breise agus do thacaíocht eile ó chúntóirí ranga: 65

vi. Céatadán páistí a bhfuil ráiteas sainriachtanas oideachais acu: 1.6%

vii. Céatadán iomlán páistí ar an Chlár Sainriachtanas: 19.7%

viii. Líon páistí **nach bhfuil** ar aois scoile reachtúil: 0

ix. Céatadán páistí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce: 32.79%

| | **Béarla** | **Matamaitic** | **Gaeilge** |
|---|---|---|---|
| x. Céatadán na bpáistí ag deireadh Eochairchéim 2 don scoilbhliain 2008/09 a fuair leibhéal 4 nó níos airde sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic: | 100% | 100% | 100% |

## 1. **INTREOIR**

### 1.1 COMHTHÉACS NA SCOILE

Is bunscoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil Uí Dhochartaigh atá lonnaithe i gcóiríocht shealadach in Eastát Bhaile Uí Cholmáin ar an Srath Bán. Cónaíonn bunús na bpáistí ar an Srath Bán agus is as an cheantar tuaithe máguaird do roinnt acu. 121 líon na bpáistí atá rollaithe sa scoil faoi láthair. Tá beagnach aon trian de na páistí i dteideal béilí saora scoile agus tá aitheanta go bhfuil sainriachtanais oideachais ag thart ar 20% acu.

### 1.2 FÓCAS

Dhírigh an chigireacht ar ghnóthachtáil agus ar chaighdeáin na bpáistí sa litearthacht agus san uimhearthacht; ar chaighdeán an tsoláthair i gcomhair foghlama; ar chaighdeán na ceannasaíochta agus na bainistíochta agus ar ról theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide maidir le cur chun cinn agus cothú na foghlama.

### 1.3 DEARCADH NA dTUISMITHEOIRÍ, NA MÚINTEOIRÍ, NA nGOBHARNÓIRÍ, NA FOIRNE TACAÍOCHTA AGUS NA bPÁISTÍ

Mar chuid de na socruithe don chigireacht, tugadh deis do na tuismitheoirí agus don fhoireann teagaisc agus tacaíochta ceistneoir rúnda a chomhlánú roimh an chigireacht agus bhí cruinnithe ann le hionadaithe ó Bhord na nGobharnóirí (gobharnóirí) agus le grúpa páistí ó rang 6. Cuireadh 92 ceistneoir amach chuig tuismitheoirí, cuireadh 27 ar ais chuig an Roinn Oideachais (RO) agus bhí tuairimí breise scríofa laistigh de sheacht gceistneoir. Chomhlánaigh seisear múinteoirí agus ochtar den fhoireann tacaíochta ceistneoir ar líne. Bhí na barúlacha a nochtadh sna ceistneoirí éagsúla iontach dearfach. Rinneadh an dornán ceisteanna a tógadh a phlé leis an Phríomhoide agus leis na gobharnóirí. Labhair na gobharnóirí go mionsonrach maidir lena ról i saol na scoile. Is mór leo an t-atmaisféar teolaí tacúil atá sa scoil; gnóthachtáil na bpáistí; díograis na foirne teagaisc agus neamhtheagaisc; agus tiomantas agus ceannasaíocht an Phríomhoide. Labhair na páistí i rang 6 go hiontach dearfach mar gheall ar a gcuid eispéireas sa scoil. Dar leo go mothaíonn siad sábháilte ar scoil agus go bhfuil a fhios acu cén dóigh ar féidir cuidiú a fháil sa chás go mbeadh rud éigin ag déanamh buartha dóibh.

### 1.4 TRÉADCHÚRAM

Tá caighdeán na socruithe don tréadchúram go han-mhaith. Ar na buanna, tá an t-éiteas fáilteach teaghlaigh laistigh den scoil; iompar an-mhaith na bpáistí; caighdeán na gcaidreamh oibre ar fud na scoile; bunú chomhairle na bpáistí; agus na deiseanna a bhíonn ag na páistí bheith rannpháirteach i réimse leathan de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim, de chomórtais agus d’imeachtaí a chuireann lena gcuid eispéireas foghlama.

### 1.5 COSAINT LEANAÍ

Tá socruithe an-mhaithe i bhfeidhm sa scoil maidir le cosaint leanaí. Léirítear sna socruithe seo an treoir a eisíodh sna ciorcláin ábhartha ón RO. Tá na gobharnóirí, an fhoireann, na tuismitheoirí agus na páistí lánmheabhrach ar nósanna imeachta na scoile.

### 1.6 BIA SLÁINTIÚIL AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP

Dírítear aird an-mhaith sa scoil ar chur chun cinn an bhia shláintiúil agus na gníomhaíochta coirp, mar shampla, trí 'maidin chaoineog’ a chur chun cinn, mar aon le naisc le heagrais cothaithe sláinte, rud a spreagann na páistí i dtreo stíl bheatha shláintiúil.

## 1.7 NAISC LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN PHOBAL ÁITIÚIL

Tá na tuismitheoirí iontach gníomhach maidir lena dtacaíocht d'obair na scoile. Glacann siad le luachanna agus le fís na scoile agus bíonn siad rannpháirteach go maith san iliomad imeachtaí foirmiúla agus féilte laistigh d'fhéilire na scoile. Is gné shuntasach den dea-chaidreamh oibre idir foireann agus tuismitheoirí iad na dialanna laethúla obair bhaile agus na ranganna rialta obair bhaile do thuismitheoirí. Déantar freastal maith ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim amhail club bricfeasta laethúil na bpáistí, gníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha iarscoile agus ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus cuirtear luach leis na nithe seo uile. Riarann an scoil go han-mhaith ar a cuid tuismitheoirí agus ar an gharphobal.

## 2. GNÓTHACHTÁIL AGUS CAIGHDEÁIN

### 2.1 FOGHLAIM

Tá na páistí, lena n-áirítear bunús mór na ndaoine sin a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu le gnéithe dá gcuid foghlama, ag déanamh dul chun cinn maith agus baineann siad amach caighdeáin atá ard go maith. Tá siad dea-intinneach agus téann siad i ngleic go fonnmhar lena gcuid foghlama. Bíonn réimse fóirsteanach d'eispéiris foghlama acu lena n-áirítear obair ranga uile, obair ghrúpa, obair bheirte agus obair neamhspleách. Baintear úsáid éifeachtach as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide chun tacú agus cur le hobair na bpáistí sa litearthacht, san uimhearthacht agus in achair eile foghlama.

### 2.2 GAEILGE, BÉARLA AGUS LITEARTHACHT

Tá cáilíocht fhoriomlán an tsoláthair sa Ghaeilge agus sa Bhéarla go maith. Faoi rang 7, bíonn na caighdeáin sa Ghaeilge go han-mhaith agus sa Bhéarla bíonn siad maith agus bunús na bpáistí ag baint amach caighdeán atá ar aon dul lena n-aois agus lena leibhéal cumais.

Bíonn deiseanna an-mhaithe ag na páistí ar fud na scoile a gcuid scileanna cainte agus éisteachta a fhorbairt. Cuirtear béim chuí sa Bhonnchéim ar chaint agus ar éisteacht. Déanann na páistí a gcuid Gaeilge labhartha a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí dea-phleanáilte lena gcuid múinteoirí le linn seisiúin súgartha agus trí scéalta agus rannta. Tugtar an Béarla isteach go foirmiúil i rang 4 agus bíonn deiseanna maithe ag na páistí réimse leathan de cheisteanna a phlé sa Ghaeilge agus sa Bhéarla trasna gach réimse foghlama.

Déantar an léitheoireacht a theagasc go córasach agus ábhair chéimnithe léitheoireachta in úsáid sa Ghaeilge sa Bhonnchéim agus in Eochairchéim (EC) 1. Spreagtar na tuismitheoirí bheith páirteach in oideachas a gcuid páistí agus bheith ag léamh in éineacht leo sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Eagraíonn na múinteoirí ceardlanna obair bhaile, mar a dtugtar treoir do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu maidir le fuaimniú an eochairfhoclóra sna leabhair léitheoireachta. Bítear, áfach, ag brath de bharraíocht ar ábhair fhótachóipeáilte, rud a fhágann in amanna go mbíonn fócas cúng ar thuiscint litriúil agus ar ghníomhaíochtaí gramadaí.

Tugtar léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla isteach i rang 4 agus bíonn bunús na bpáistí in ann na scileanna a céadfhorbraíodh sa Ghaeilge a aistriú go héifeachtach. Tá aitheanta, mar is ceart, ag an chomhordaitheoir litearthachta go bhfuil gá le breisfhorbairt a dhéanamh ar chur chuige coiteann maidir le teagasc na fónaice sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Cuirtear luach leis an léitheoireacht agus cuirtear chun tosaigh ar fud na scoile í agus tá limistéar

tarraingteach leabharlainne i ngach seomra ranga le téacsanna sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Bíonn an scoil ina hóstach do dhá aonach leabhar sa bhliain mar a gceannaíonn tuismitheoirí leabhair sa dá theanga. Faoi dheireadh EC2 baineann na páistí caighdeáin mhaithe amach sa léitheoireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, i gcomhréir lena gcumas.

Tá cáilíocht an chur i láthair maidir le hobair scríofa na bpáistí go maith. Sa Bhonnchéim bíonn deiseanna maithe ag na páistí le haghaidh 'déanamh marcanna' trí ghníomhaíochtaí súgartha agus tosaíonn siad a mhúnlú litreacha mar is ceart. De réir mar a fhorbraítear a gcuid scileanna le cuidiú ó scríbhneoireacht mhúinteoir-mhúnlaithe, scríbhneoireacht i gcomhpháirt agus scríbhneoireacht threoraithe, tosaíonn siad a scríobh focail, abairtí agus scéalta simplí. Faoi dheireadh EC1 bíonn na páistí in ann scríobh go neamhspleách sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Le linn EC2, déanann na páistí a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt trí leathanaigh phleanála a úsáid agus trí athdhréachtú chun a gcuid oibre a fheabhsú. Sa chleachtas is fearr, spreagtar na páistí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin chun na gnéithe maithe a shainaithint chomh maith le gné a bhféadfaí í a fheabhsú. Tá caighdeán scríbhneoireachta na bpáistí faoi dheireadh EC2 go maith agus i gcomhréir, go ginearálta, lena gcumas. Cuirtear róbhéim áfach ar ghníomhaíochtaí gramadaí agus poncaíochta. Ní mór do na múinteoirí réimse comhthéacsanna níos leithne a phleanáil maidir le scríbhneoireacht na bpáistí, lena n-áirítear comhthéacsanna neamhiata, agus níos mó de dhúshlán a sholáthar mar aon le níos mó deiseanna le haghaidh scríbhneoireacht shínte.

### 2.3 MATAMAITIC AGUS UIMHEARTHACHT

Tá cáilíocht fhoriomlán an tsoláthair don mhatamaitic go han-mhaith. Tugtar treoir shoiléir sa scéim oibre maidir le dul chun cinn i bhfoghlaim mhatamaiticiúil na bpáistí trasna na ranganna. Déanann na múinteoirí pleanáil chríochnúil dá gcuid ceachtanna agus baineann siad úsáid an-mhaith as réimse de threalamh praiticiúil, cláir bhána idirghníomhacha agus cluichí oideachasúla chun tuiscint mhatamaiticiúil na bpáistí a fhorbairt agus chun an fhoghlaim a dhéanamh praiticiúil suimiúil. Tugtar aird mhaith ar réimse inniúlachtaí aonair na bpáistí agus bíonn an obair idirdhealaithe agus an obair phraiticiúil ghrúpa le conrú go coitianta trasna gach rang.

Tugtar deiseanna maithe do pháistí sa Bhonnchéim agus in EC1 trí fhoghlaim shúgradh-bhunaithe coincheapa matamaiticiúla a fhiosrú agus faoi rang 4, bíonn beagnach gach páiste ag déanamh forbairt mhaith ar a gcuid tuisceana ar uimhreacha, ar chruth agus spás bunúsach, agus ar an ríomh scríofa. Is gné láidir í an mhatamaitic ó mheabhair den obair seo.

Faoi dheireadh EC2, baineann beagnach gach páiste amach an leibhéal a bhfuil súil leis nó os a chionn sa mhatamaitic. Tá dul chun cinn leanúnach le sonrú ó thaobh na gnóthachtála de le ceithre bliana anuas agus léiríonn sé seo an aird chúramach a thugtar lena chinntiú go ndaingníonn na páistí na coincheapa bunúsacha trí ghníomhaíochtaí praiticiúla, trí phleanáil chríochnúil an mhúinteora agus trí spriocanna foghlama saindírithe.

## 3. CÁILÍOCHT AN tSOLÁTHAIR I gCOMHAIR FOGHLAMA

### 3.1 PLEANÁIL

Tá polasaithe don scoil uile agus scéimeanna oibre don litearthacht agus don uimhearthacht forbartha ag an scoil, rud a thugann treoir úsáideach do na múinteoirí. Déanann na múinteoirí pleanálaithe meántréimhseacha agus gearrthréimhseacha a ullmhú go dúthrachtach, a ndéanann an Príomhoide agus na comhordaitheoirí monatóireacht agus

measunú orthu ar bhonn seachtainiúil. Tugtar roinnt deiseanna do na páistí cur leis an phróiseas pleanála. Déanann na múinteoirí measúnú éifeachtach ar a gcuid pleanála agus ar dhul chun cinn na bpáistí d'fhonn an fhoghlaim a threorú amach anseo.

### 3.2 TEAGASC

Bhí réimse an teagaisc a breathnaíodh le linn na cigireachta idir sásúil agus an-mhaith. I mbunús na gceachtanna, bhí sé go maith nó go han-mhaith. Sa chleachtas is fearr, bíonn luas cuí faoin obair agus í ag teacht le réimsí suime agus le riachtanais na bpáistí uile. Déantar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo a phlé leis na páistí ag tús an cheachta agus bíonn deis mhaith ag na páistí athbhreithniú agus daingniú a dhéanamh ar a gcuid foghlama ag an deireadh. Baineann na múinteoirí feidhm as réimse fóirsteanach de chur chuige agus de cheisteoireacht sciliúil leis na páistí a spreagadh chun a gcuid foghlama a fhorbairt agus a shíneadh. Déantar teanga an tseomra ranga a phleanáil go cúramach agus a chur i láthair go cruinn. Bítear ag súil le hardchaighdeáin. Is gné thábhachtach den chleachtas maith í an tacaíocht éifeachtach a thugann na cúntóirí ranga do na páistí. Ba chóir an cleachtas an-mhaith a breathnaíodh sa scoil a scaipeadh ar gach seomra ranga.

### 3.3 MEASÚNÚ

Tá struchtúir agus nósanna imeachta measúnaithe na scoile go maith. Déanann na múinteoirí obair na bpáistí a mharcáil ar bhonn rialta agus is minic a thugann siad comhairle chuidiúil maidir le cén dóigh ar féidir obair a fheabhsú. Spreagtar na páistí, in amanna, bheith rannpháirteach san fhéinmheasúnú agus sa phiarmheasúnú. Baineann na múinteoirí úsáid mhaith as an tsonraíocht mheasúnaithe atá ar fáil dóibh chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na bpáistí agus chun spriocanna a shocrú le haghaidh dul chun cinn. Is eol don fhoireann gur gá breisfhorbairt a dhéanamh ar an ghné seo dá gcuid oibre le go bhfaighidh siad léargas níos fearr ar an dul chun cinn trasna na scoile. Faigheann na tuismitheoirí tuairisc scríofa mhionsonraithe ar dhul chun cinn gach páiste agus tá socruithe éifeachtacha i bhfeidhm le haghaidh comhairliúchán foirmiúil idir múinteoirí agus tuismitheoirí.

### 3.4 SAINRIACHTANAIS OIDEACHAIS

Tá caighdeán an tsoláthair do na páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu go maith. Tá na nósanna imeachta maidir le sainaithint páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu bunaithe ar bhreathnú múinteora agus ar phlé foirmiúil foirne agus déantar, mar thaca leo, dlúthmhonatóireacht ar dhul chun cinn páistí aonair. Tá pleanáil oideachasúil idirdhealaithe agus pleanáil oideachasúil aonair le sonrú i ngach rang agus baintear úsáid aisti go héifeachtach lena chinntiú go dtéann na páistí i ngleic leis na gníomhaíochtaí foghlama a phleanáiltear dóibh agus go mbaineann siad leas astu. Cé go ndéanann bunús na bpáistí dul chun cinn maith ina gcuid foghlama agus go léiríonn siad cumas feabhsaithe maidir le bheith ag obair go neamhspleách agus le bheith ag tógáil ar réamhleibhéil ghnóthachtála sa litearthacht agus san uimhearthacht, ní mór go bhfaigheadh mionlach beag, nach bhfuil a gcuid dul chun cinn slán, diantacaíocht bhreise lena gcuid foghlama.

## 4. CEANNASAÍOCHT AGUS BAINISTÍOCHT

### 4.1 CEANNASAÍOCHT

Tá an Príomhoide sa phost ó bhí an bhliain 2002 ann. Tá fís shoiléir aici maidir le forbairt todhchaí na scoile. Bíonn sí ag dúil le hardchaighdeáin ó na múinteoirí agus ó na páistí. Agus í ina príomhoide teagaisc, is ról-chuspa an-mhaith í. Tugann comhordaitheoirí agus

foireann uile na scoile dea-thacaíocht di. Oibríonn sí go héifeachtach chun feabhsúchán a chur chun cinn agus chun próifíl na scoile a ardú i measc an phobail agus chun an pobal a chur i dteagmháil le hobair agus le saol na scoile.

## 4.2 PLEANÁIL LE hAGHAIDH FEABHSÚCHÁIN

Tá plean forbartha scoile (PFS) iomchuí ag an scoil ina leagtar amach go soiléir tosaíochtaí na scoile. Tá deiseanna ar fheabhas ann le haghaidh comhairliúcháin maidir leis an PFS trasna phobal uile na scoile. Comhlíonann an scoil go hiomlán riachtanais na Rialachán um Phleananna Forbartha Scoile (Tuaisceart Éireann) 2005.

Tá struchtúir an-mhaithe i bhfeidhm ag an scoil le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a soláthar. Beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbainfear úsáid níos éifeachtaí as gach fianaise a bhailítear trí mheasúnú agus trí mhonatóireacht agus trí mheasúnú, chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh feabhsúchán leanúnach.

## 4.3 FORBAIRT FOIRNE

Is tosaíocht thábhachtach í an fhorbairt foirne ag an scoil. Téitear i gcomhairle le baill foirne maidir lena gcuid riachtanas i dtaca le forbairt ghairmiúil agus déantar an próiseas seo a nascadh go díreach leis an PFS. Tá freastal déanta ag na múinteoirí ar réimse de chúrsaí fóirsteanacha oiliúna, idir inmheánach agus sheachtrach, le tacú leo ina gcuid oibre. Rinneadh cuid mhaith d'oiliúint inseirbhíse na scoile a dhíriú, mar ba chuí, ar na tosaíochtaí forbartha, go sonrach, Curaclam Leasaithe Thuaisceart Éireann agus riachtanais na múinteoirí nuacháilithe agus na múinteoirí atá cáilithe le gairid.

## 4.4 CÓIRÍOCHT

Tá an scoil lonnaithe i seomraí ranga sealadacha soghluaiste agus is amhlaidh nach bhfuil sé seo ag teacht le gnáthchaighdeáin an lae inniu. Oibríonn na múinteoirí go dícheallach, áfach, lena chinntiú go mbíonn timpeallacht tharraingteach spreagúil ag na páistí le bheith ag foghlaim inti.

## 4.3 ACMHAINNÍ, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS AGUS RIALACHAS

Tá acmhainní maithe ag an scoil. Tuigeann na gobharnóirí a ról agus a gcuid freagrachtaí maidir le saol agus le hobair na scoile. Bíonn siad rannpháirteach, de réir mar is cuí, i bpróiseas na pleanála forbartha scoile agus soláthraíonn siad treoir mhaith straitéiseach agus tacaíocht mhaith don Phríomhoide.

## 5. **CONCLÚID**

5.1 Áirítear i measc bhuanna na scoile:

- an t-éiteas fáilteach teaghlaigh;
- dea-iompar na bpáistí agus a suim san fhoghlaim;
- an caighdeán maith maidir le bunús an teagaisc a breathnaíodh agus an méid a chuir na cúntóirí ranga le foghlaim na bpáistí;
- na caighdeáin arda a bhaineann na páistí amach sa litearthacht agus san uimhearthacht;

- ceannasaíocht an-mhaith an Phríomhoide agus comhordaitheoirí na scoile mar thaca aici; agus

- tacaíocht agus páirteachas na ngobharnóirí agus an phobail i saol agus in obair na scoile.

5.2 Ar na réimsí ina bhfuil feabhsúchán de dhíth, áirítear gur gá don scoil:

- réimse comhthéacsanna níos leithne a phleanáil maidir le scríbhneoireacht na bpáistí agus níos mó de dhúshlán a sholáthar mar aon le níos mó deiseanna le haghaidh scríbhneoireacht shínte; agus

- diantacaíocht bhreise maidir le sainriachtanais oideachais a sholáthar do líon beag páistí nach bhfuil a ndul chun cinn slán.

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá cáilíocht an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo go maith. Tá buanna tábhachtacha ag an scoil maidir le bunús a soláthair oideachais agus tréadchúraim. Rinne an chigireacht réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le feabhsúchán agus tá léirithe ag an scoil go bhfuil sé ar a cumas dul i ngleic leo seo. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht ar dhul chun cinn na scoile maidir leis na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúchán.

**AGUISÍN**

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

- Ní mór measúnú riosca a dhéanamh maidir le slándáil an tsuímh, lena n-áirítear na socruithe rochtana le linn an lá scoile.

Sa tuairisc seo, is féidir go bhfreagraíonn na cainníochtaí a luaitear do chéatadáin, do chodáin choitianta agus do théarmaí cainníochtúla níos ginearálta. Aon áit ar baineadh úsáid as téarmaí níos ginearálta, ba chóir an chiall seo a leanas a bhaint astu:

| | | |
|---|---|---|
| Beagnach gach | - | níos mó ná 90% |
| Bunús | - | 75%-90% |
| Tromlach | - | 50%-74% |
| Mionlach suntasach | - | 30%-49% |
| Mionlach | - | 10%-29% |
| Roinnt bheag | - | níos lú ná 10% |

Agus na gnéithe éagsúla den soláthar á meas acu, tuairiscíonn na cigirí a gcuid breithmheasa de réir sé chur síos, mar atá leagtha amach thíos:

| CUR SIOS |
|---|
| Ar fheabhas |
| An-mhaith |
| Maith |
| Sásúil |
| Easnamhach |
| Míshásúil |

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codana, seachas lehaghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofarfoinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta: www.etini.gov.uk

INVESTORS IN PEOPLE